

Fadógh ar gríosaigh gnaoi Néill

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 30]

Tadhg [Ó hUiginn?] .cc.

1 Fadógh ar gríosaigh gnaoi Néill;
fuair nós nach tuillfe toibhéim ;
is í as séad craoi dá chineadh;
dá gnaoi créad nar cuimhnigheadh?

2 Feidhm dúthchasa dh'aicme an fhir
gan sgur d'fhadógh an einigh;
tug n-a neimheasbhaidh nós mór,
fós an t-eineachsain d'fhadógh.

3 Teine bheo nach báidh tuile
gnaoi athar fhir Chalmhuighe;
an gnaoi leathansa d'fhleisg Náis
leathursa do theisd Tomáis.

4 Fada as léir a loise mhór
nír sguireadh fós gá fadógh;
biaidh mar do bhaoi re treimhse,
gnaoi Bhriain nocho bháidheinnse.

5 Urusa a congbháil gan cheo
an gnaoi as teine bheo bhithbheo;
sí gan cheo bhíos do bhunadh
is gríos beo dá beathughadh.

6 Eineach Tomáis is teisd Bhriain,
gnaoi Néill dáibh i n-a deirbhshair;
flaith Cé ní cheileabhsa a nós,
an t-eineachsa is é fhadós.

7 Connudh nach leigeann í as
a bha 's a eich 's a ionnmhas;
a chrodh uadh ag gach ollamh
ar son nduan an deaghconnadh.

8 Nír héaradh roimhe im ní neach
le mac Briain Bheinne Coilctheach;
ní mó do éar Niall a-nos,
gach éan ag diall re dhúthchos.

9 Rug toirbheart n-a theinidh aoil
ar gnaoi a chinidh flaith fionnGhaoil;
nír sguir sé ag síorchur n-a ceann

lé gur díochradh an doicheall.

10 Mág Shamhradhán nar éar fhear
geall einigh fhuair ó chineadh,
clú cuanna mar chlú a shinnsear
's ní chuala tú a thuirimhsean.

11 Ní obann Niall ní do dháimh;
urusa le gual gabháil
ó bhíos teine ann re headh;
ní mar chrann eile eisean.

12 Ní mar chách ag díol duaine
bhíos riamh gach fear fíruaire;
[do-ní] sé ceartas re cléir
an té chleachtas a coimhréir.

13 Binn le neach gach ní chleachtas;
fairseang théid a thoirbheartas;
mian le lachnaibh snámh le sreabh,
riar dámh charthair re chineadh.

14 Do charsad cliara Banbha
an fáilteach óg osgardha;
tre bhile cruithgheal Caisil
cuirthear file i bhfiadhnaisibh.

15 Ní comhdhúthaigh dá gach cléir
an sduagh bhéalchorcra bhoinnréidh;
ó bhíos áth ar tuile tonn
do chách uile ní hiononn.

16 Ní hionann dúthchas dúinne
's do Dhamh Ré fleasg fionnBhúille,
seach dhán gach dáimhe oile
lán dar ndáinne a dhuanoire.

17 A ghnaoi síolfad ó só a-mach
úidh Taidhg oile ar Bhrian mBreaghach;
biaidh bham chion Niall a-nosa,
Brian ba chion d'fhior m'anmosa.

18 Liom maoidhimh a nóis a-nois
mise is Taidhg do thuir Dhurlois;
ar Niall do-chuaidh mo chrannsa,
Niall bhus Bhrian uaibh agamsa.

19 Orlach ar Bhrian téid a theisd,
flaith Éirne an abhra bhairrleisg;

do bhí Brian ba bhladh roimhe
[go] rabh Niall ní as nósmhoire.

20 Mac Tomáis an taoibh leabhair
rug geall ó ghnaoi a chineadhaigh;
ní fhuighe magh mar Mhagh mBreagh,
duine ní gar dá ghnaoisean.

21 Do shín tarrsa tuir Cheara
mar bhile ós bharr chraoibhfheadha;
cuidid a [n-arm] faoi gach flaith,
a ghnaoi ní carn gan chéadbhraith.

22 Geall ar uaisle is ar eineach
fuair uaidh éar . . .
fréamh na ngeilfhiodhbhadh ó ngin
neimhiongnadh a thréan tairsibh.

23 Teallach n-Eachach go hEochaidh
fan bhfleisg [sin] ngeil ngnúisleathain,
tuath riu soin nocho sín,
a bhfiu ní fhoil fa airdrígh.

24 Díreach leanfad a lorg soin
ó Eachaidh mórmhac Maonoigh
go ndeach go Fearghna fleadhach,
an chleath mheardha mhuirearach.

25 Géag cubhra dar mac Maonach
Baoithín na n-arm n-órchraobhach;
prap dá [téachtfholaibh] gach tír
le mac mbéaltanaidh mBaoithín.

26 Mac Bréanainn ba binn meadhar
Baoithín na mbas ngéigleabhar,
clann Bhréanainn a dteisd táraidh
gon fhleisg shéaghoinn shoghrádhaigh.

27 Mac d'Fhearghna na n-each sotal
Bréanainn ba bhog dtiodhlocadh;
an Fearghnasain ní théid troigh
don ghéig [neamhfhrasaigh] neartmhoir.

28 Méin Fhearghna agus Aodha Finn
fa mhac Tomáis ro thimchill;
clann mhórRuairc an fine fial
fa bhile nglórshuairc nGailian.

29 Eochaidh Doimhléan fa dheirc nglais,

Colla Uais fa fhear nDurlais,
fríoth dá ghnúis chorcra choimhréidh
cúis mholta as a mháthoirmhéin.

30 Do iadhadar uair nó [a] dó
ba dhreich mbuig mar bhlath ndonnchnó
clann ghealCholla taoibh re taoibh
ba chraoibh n-Eachdhroma ó Éadaoin.

31 D'iomad ríogh ba rosg n-uaine
dh 'uaislibh catha Craobhruaidhe
do chomhnaoidhigh caoin a hall
do chraoibh fhorbhfhaoilidh Arann.

32 Aigheadh as áluinn oirniamh
aige d'uaislibh saorOirghiall;
casmhail aoibh aighthe an deighfhir
re caoir ngairthe a guailteinidh.

33 Déad gléigheal ar gné na sgath
fuair ó Cholla chláir Theamhrach;
ruisg corra fan chéibh chaissin
méin an Cholla chéadnaisin.

34 Dá abhra dhonna ó Aodh Fhionn,
dá dheirc gorma ag géig Raoilíonn,
dá ghlaic leabhra ag léim chagaidh
do mhéin Chearghna abhradhduibh.

35 Glún corr nar cuireadh ar ais
aige ós chionn chalptha sholais,
míontraigh óg ag ú Earca
le líontair bróg bhláithghreanta.

36 Cáraid sliasad réidh roigheal,
bruinne mar bhláth caoldroighean,
ucht dealbhchaomh dar dírgheadh rann
seangthaobh míngheal mar mheamram.

37 Ó fhuair geall a ghnúis amlach
ar ghurm a dhearc ndonnabhrach,
ar chleith gCláire nír einneadh
ar áille deich ndoinningean.

38 Béal corcra nach creid banfháidh,
rosg mall ag Mág Shamhradháin;
ní hinghill dream re dheilbh sin;
fearr a fheidhm iná a fhaigsin.

39 Féachfaidhear fulang a lann
lá an tachair re tuir gCualann;
d'aithle Néill fhuair a haithdeilbh
ó bhéim chruaidh [a] chlogaidfheilm.

40 Rug a [seadh] a slait chorcra
tarraing eolach arrochta
ag dáil chrann d'iothraibh an fhir
acht barr fiodhraidh ní faicthir.

41 Cuiridh bas óigfhir Eine
sníomh i gcrann a chraoisighe;
do chomhchASFadh mar an gcrann
le orcharsan a hiarann.

42 Snámhaidhe as fhearr n-a aimsir
an sduagh dhéidgheal dearcmhailsin;
is uidhe ar tír do mhnaoi mhoill
ar shnaoi ó thír don abhoinn.

43 Mac Tomáis mbeic Bhriain Bhreaghaigh,
mheic Dhonnchaidh mhóir mhéirleabhair,
ag a riar ní chéala a chrodh,
cliar dh 'éara nochon fhéadfadh. Fad

44 Dath gríoscha ar a gnúis n-amlaign
inghean Cathail chreacharnaidh
slios geal masa geal sneachta
far fhear d'fhios a haigeanta.

45 Geall gach ríoghna [. . .]
inghean chorcra í Chonchubhair;
inghean [Ailbhe] ar aoi a féile
gnaoi Shaidhbhe [nír shoidhréime];
a tiodhlaicthe gach laoi ar lón,
do ghnaoi a fionnmhaicne is fadógh. F.